PL10 Achmoharc Pleanála a Dhéanamh

Tá próiseas cuimsitheach achomhairc ina chuid den chóras Pleanála. Faoin bpróiseas sin, is féidir athbhreithniú neamhspleách a fháil ón mBord Pleanála, maidir le cinneadh ar bith a dhéanann údarás pleanála. Ní bhaineann an bhileog seo le iarratais ar bonneagair straitéisigh.

Cuirtear ar fail sa bhileog seo sonraí na bpríomhghnéithe a bhaineann leis an bpróiseas achomhairc. Níl léirmhíniú anseo ar dhlí na Pleanála. Is féidir leat breis eolais a fháil ón mBord Pleanála nó ón údarás áitiúil Pleanála a bhaineann leatsa.

1. Cad é an ról An Bord Pleanála?

Tá an Bord Pleanála freagrach ar cinneadh achomhairc agus nithe áirithe eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, agus le hachomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2000, na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990, agus an tAcht um Thruailliú Aer 1987. Trí shocruithe leanúnachais faoin Acht um Pleanáil 2000, cinneann an Bord ar achomhairc agus cásanna eile faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil 1963, arna leasú, nuair a cuireadh tús ar na cásanna sin faoi na hAchtanna sin. Tá liosta gach nithe ar a phléann an Bord le fáil ón mBord nó ar a láithreán gréasáin www.pleanala.ie. Tá cúram ag an Bord maidir le cinntí ar fhorbairtí bhonneagair a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach nó náisiúnta.

Sainmhíntear forbairt bonneagair straitéiseach sa Seachtú Sceidéal a gabhann leis an t-Acht um Pleanáil agus Forbairt arna leasú. Cuirtear síos é go ginearalta mar forbairt a bhfuil tábhacht straitéiseach eacnamaíoch nó sóisealta an Stáit nó i réigiún. Baineann sé freisin le forbairt a chuirfidh go mór le comhlíonadh aon cheann de na chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta, nó a chomharba, nó aon treoirlínte pleanála réigiúnach do limistéar, nó forbairtí beartaithe ar a mbeadh éifeachtaí suntasacha ar réimse níos mó ná údarás pleanáil amháin.

2. An bhfuil foirm oifigiúil ann chun achomhairc a dheanamh?

Níl aon fhoirm oifigiúil ann chun achomhairc a dheanamh; ach is féidir an “Foirm Achomhairc Phleanáil / Seiclíosta”, a thabhairt an mBord ar aird, a úsáid mar leathanach clúdach ar achomhairc. Tá an doiciméad seo ar fáil ón mBord ar a láithreán gréasáin www.pleanala.ie nó ó d’údarás pleanála áitiúil.

3. Cé aige a bhfuil cead achomhairc a dhéanamh?

- Iarratasóir ar chead pleanála, agus

- Duine ar bith eile, eagras nó grúpa a chuir aighneacht nó tuairimíocht i scibhinn faoi bhráid an údaráis pleanála, maidir leis an iarratas pleanála agus de réir na rialachán pleanála. Tá trí eisceacht ina leith sin:

(a) i gcás go raibh eagras forordaithe i dteideal fógra a fháil ón údarás pleanála agus nach bhfuair an fógra sin, is féidir leis an eagras achomharcfaoi chinneadh an údaráis pleanála a lóisteáil gan aighneacht ar bith a bheith curtha acu isteach acu faoi iarratas pleanála, ná tuairimíocht ina leith.

(b) I gcás gur gá le Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS) a chur isteach leis an iarratas chuig an údarás pleanáil, is féidir le comhlacht cinneadh an údarás pleanáil achomhairc a theascadh i gcás ina mbaineann a aidhmeanna nó cuspóirí le chur chun cinn cosaint an chomhshaoil agus má chomhlíonann siad le riachtanais áirithe eile.

(c) is féidir le duine le leas i dtallte sinte leis an talamh ar deonaíodh cead pleanála ina leith cead a iarraidh ar an Bord achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh a rinne an t-údarás pleanála (féach Ceist 27)

4. An mbaineann teorainneacha ama le hachomhairc?

Cés móite de chásanna ina ndeonaíonn an Bord cead achomhairc (féach ar Ceisteanna 3(c) agus 27), is gá achomhairc a bheith faighte ag an mBord taobh istigh de 4 seachtain ó dháta déanta an chinnidh ag an údarás pleanála (NB, rud nach ionann agus dáta seolta ná faighte an chinnidh). Mar shampla, i gcás go ndéantar cinneadh ag an údarás pleanála ar an gCéadaoin, an 2ú lá de mhí áirithe, is í an Mhairt, an 29ú lá den mhí chéanna, an lá is déanaí a nglacfar le hachomharc in aghaidh an chinnidh sin.

I gcás go ndeonaítear cead achomhairc, is gá don achomharc sin a bheith faighte ag an mBord taobh istigh de dhá sheachtain ón dáta a fuair sé/sí fógra ina thaobh.

Teorainneacha dochta reachtúla iad na teorainneacha ama sin. Níl cead ag an mBord glacadh le hachomhairc nach dtagann isteach in am, cuma an tríd an bpost a chuirtear chun an Bhoird iad, nó ar bhealach éigin eile. Is ortsa atá an fhreagracht féachaint chuige go ndéanfar an t-achomharc nó abhar eile a sheachadadh nó a chur sa phost in am, taobh istigh den tréimhse iomchuí. Achomharc ná ábhar eile a chuirtear sa phost in am ach nach ndéantar a sheachadadh in am, ní ghlacfar leis mar ámhar bailí. Tá miniú breise ar na teorainneacha ama le fáil faoi Cheisteanna 23, 24 agus 25.

5. Conas is féidir liom achomharc a chur isteach?

Is gá gach achomharc a bheith i scribhinn agus:

- A chur tríd an bpost go dtí:

  An Rúnaí

  An Bord Pleanála

64 Sráid Mhaoilbhríde

Baile Átha Cliath 1;

nó

- A sheacadadh de <u>láimh</u> d'fhostaí de chuid an Bhoird in oifigí an Bhoird le linn uaireanta oifige (9.15a.m. go 5.30p.m. Luan – Aoine, seachas laethanta saoire poiblí agus laethanta eile ar a mbíonn na hoifigí dúnta).

  Ní mór don achomharc a bheith comhlán, go huile is go hiomlán ag an tús – níl cead agat cuid ar bith de a chur isteach ina dhiaidh sin, fiú amháin taobh istigh den teorainn ama.

6. Cad is gá a bheith san achomharc agamsa?

- D'ainm féin agus do shloinne, mar aon le do sheoladh. I gcás go ndéanann gníomhaire achomharc ar do shon, ní mór dó/di a (h)ainm agus a s(h)loinne féin a thabhairt, agus a s(h)eoladh, mar aon le do chuidse.

- Ábhar an achomhairc – is gá duit dóthain sonraí a sholáthar chun gur féidir leis an mBord an t-iarratas lena mbaineann an t-achomharc agatsa a aithint gan dua (cóip de chinneadh an údaráis pleahnála, mar shampla, cur síos ar chineál agus ar láthair na forbartha beartaithe, nó ainm an údaráis pleanála agus an uimhir thagartha ar an gclár pleanála a bhaineann leis an gcinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh agat ina aghaidh).

- Foras an achomhairc le hábhar agus agóidí mar thaca leis, ní féidir leis an mBord cúiseanna a chur san áireamh a chuirtear in iúl tar éis an achomhairc (ach amháin faisnéis arna hiarraidh go sonrach ag an mBord), ná ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála. Níor cheart ceisteanna dá leithéid a lua mar fhoras achomhairc (féach Ceist 21 chomh maith).

- An táille cheart. Tá sonraí na dtáillí fáil ón mBord nó ón údarás pleanála agatsa.

- I gcás gur achomharc triú páirtí atá ann, an admháil a d'eisigh an t-údarás pleanála a chur in iúl go bhfuair an t-údarás an aighneacht nó an tuairimíocht a chuir an duine sin isteach.

7. Muna mbíonn mo achomharc comhlán?

I gcás nach sásaíonn an t-achomharc agatsa na riachtanais reachtúla ar fad (féach an treoir san alt roimhe seo), ní bheidh sé ina iarratas baillí, agus ní bheidh an Bord in ann a chur san áireamh.

8. An féidir liom an comhad atá aga an údarás pleanála a fheiscint sula gcuirfidh mé achomharc isteach?

Is féidir. Cuirfidh an t-údarás pleanála ar fáil do scrúdú poiblí, mar aon le haighneachtaí nó tuairimí ar bith a fuair siad ina thaobh, chomh luath is a bhíonn a leithéid faighte acu. Rud eile, taobh istigh de 3 lá oibre ón lá déanta a chinnidh, cuirfidh an t-údarás na cáipéisí seo a leanas ar taispeáint do scrúdú poiblí ina cuid oifigí –

- An t-iarratas comhlán agus faisnéis ar bith eile curtha ar fáil ag an iarratasóir,
- A thuairiscí féin i dtaobh an iarratais,
- A chinneadh agus an fógra a cuireadh ina leith sin chuig an t-iarratasóir agus chuig gach duine agus chuig gach eagras a chuir aighneacht faoina bhráid, nó tuairimíocht i leith an iarratais.

Fanfaidh comhad an údaráis pleanála ar oscailt do scrúdú poiblí ar feadh tréimhse nach lú ná 7 bliain tar éis dóibh cinneadh a dhéanamh i leith an iarratais.

9. An féidir liom cóip a fháil de dhoiciméid a bhaineann le hiarratas pleanála?

Is féidir. Is féidir cóip de na cáipéisí a bhfuil tagairt dóibh faoi 8 thuas a cheannach ón údarás pleanála ar chostas réasúnta.

10. An féidir liom mo chuid tuairimí a chur in iúl don Bhord gan achomharc a dhéanamh?

Is féidir. I gcás go mbíonn achomharc déanta ag duine amháin, is féidir le duine eile a bheith ina “b(h)reathnadóir” agus aighneacht nó tuairimíocht a chur isteach i leith an achomhairc air. Is féidir cóip den achomharc a iniúchadh in oifig an údaráis pleanála. Tá 4 seachtain ón lá faighte an achomhairc ag an mBord atá mar theorainn ama le haighneachtaí agus le tuairimíocht den chineál sin (nó 4 seachtain ón achomhairc is déanaí, i gcás gur níos mó ná achomharc amháin a bhíonn i gceist), nó, i gcás gur cuireadh Ráiteas Tionchar Timpeallachta isteach, taobh istigh de 4 seachtain ón dáta a n-eisíonn an Bord fóra faoina leithéid a bheith faighte acu, nó, i gcás gur iarr an Bord ar an iarratasóir fógra eile suímh nó nuachtáin a fhoilsiú, 4 seachtain ó dháta foilsithe an fhógra sin. I gcás go ndéantar an t-achomharc a tharraingt siar ag lucht a dhéanta (nó gach achomharc tarraingte siar ag lucht a ndéanta, i gcás go mbíonn níos mó ná ceann amháin i gceist), seasfaidh cinneadh an údaráis pleanála, agus síothlóidh an aighneacht a chuir tusa isteach.

11. Conas is féidir liom mo thuairimí a chur in iúl do Bhord?

Caithfidh "breathnadóir" a (h)aighneachtaí nó a t(h)uairimí a chur i scríbhinn agus:

- A chur tríd an bpost go dtí:

  An Rúnaí

  An Bord Pleanála

  64 Sráid Mhaoilbhríde

  Baile Átha Cliath 1;

  nó

- A sheacadadh de <u>láimh</u> d'fhostaí de chuid an Bhoird in oifigí an Bhoird le linn uaireanta oifige (9.15a.m. go 5.30p.m. Luan – Aoine, seachas laethanta saoire poiblí agus laethanta eile ar a mbíonn na hoifigí dúnta).

12. Cad is gá a bheith istigh leis an aighneacht nó leis na tuairimí agamsa?

Tá na nithe seo riachtanach in éineachtleis an aighneacht nó leis na tuairimí agatsa:

- D'ainm féin agus do shloinnem mar aon le do sheoladh. I gcás go ndéanann gníomhaire achomharc ar do shonsa, ní mór dó/dí a (h)ainm **agus** a s(h)loinne féin a thabhairt, agus a s(h)eoladh, mar aon le do chuidse,

- Ábhar na haighneachta nó na dtuairimí – is gá duit dóthain sonraí a sholáthar chun gur féidirleis an mBord an t-iarratas lena mbaineann an t-achomharc agatsa a aithint gan dua (cóip de chinneadh an údaráis pleanála nó an uimhir thagartha ar an gclár pleanála a bhaineann leis an gcinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh agat inna aghaidh),

- Foras iomlán na haighneachta nó na dtuairimí agus agóidí mar thaca leis. Ní féidir leis an mBord cúiseanna a chur san áireamh a cuireadh in iúl taréis an achomhairc thosaiigh (ach amháin faisnéis arna hiarraidh go sonrach ag an mBord), ná ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála,

- An táille cheart (ach amháin i gcás eagras áirithe forordaithe). Tá sonraí na dtáillí le fáil ón mBord nó ón údarás pleanála agatsa.

13. An féidir liom éisteacht de bhéal a iarraidh?

Is féidir le páirtí ar bith le hachomharc éisteacht de bhéal a iarraidh, ar an gcoinníoll go mbíonn táille nach bhfuil inaisíoctha íoctha acu, in éineacht leis an táille achomhairc. Is gá don té a bhfuil achomhairc á dhéanamhaige/aici an t-

iarratas sin a dhéanamh laistigh den tréimhse a leagtar síos chun an t-achomharc a lóisteáil, ach, i gcás go gcuirtear cóip den achomharc go dtí páirtí é/í seachas an té a chuir an t-achomharc isteach i dtosach ama, bíonn 4 seachtain ag an duine sin ó dháta a faighte chun an t-iarratas a dhéanamh.

I gcás go mbíonn éisteacht de bhéal á hiarraidh agat, is gá duit, fós eidh ort do chuid cúiseanna achomhairc ar fad a lua ina n-iomláine agus na riachtanais reachtúla eile a shásamh le linnduit an t-amharc agatsa a lóisteáil.

Tá sé de lánchumhacht ag an mBord éisteacht de bhéal a eagrú ar iarratas nó gan iarratas ó pháirtí ar bith, agus is iondúil go ndéanann an Bord a leithéid a eagrú i gcás ina measann sé go mbeadh sé ina chabhair dó chun cúis chasta amach is amach á thuiscint, nó ina measann sé ceisteanna suntasacha náisiúnta nó áitiúla a bheith bainteach leis.

14. Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

Cuireann an Bord cóip den amharc chuig an t-údarás pleanála agus, i gcás gur achomharc triú páirtí a bhíonn i gceist, chuig an lucht forbartha. Bíonn 4 seachtain acu sin lena dtuarimí a chur in iúl. Ní féidir leis an mBord tuairimí déanacha a chur sa mheá, agus ní bhíonn cead ag páirtí ar bith cur lena t(h)uairimí i scríbhinn tar éis iad a bheith curtha faoi bhráid an Bhóird.

15. Conas a chinntíonn an Bord cothrom na féinne do chách?

I gcás go measann an Bord gur den cheart é, is féidir leis a iarraidh ar pháirtí ar bith, ar bhreathnadóir ar bith nó ar dhuine ar bith eile aighneachtaí nó tuairimí ar bith a chur isteach, maidir le ceist ar bith a thagann chun solais le linn an achomhairc. Fágann sé sin gur féidir leis an mBord, mar shampla, tuairimí a lorg faoi ábhar ar bith suntasach ag eascairt as an nua as an achomhairc. Tá sé de chumhacht ag an mBord a iarraidh ar pháirtí ar bith nó ar bhreathnadóir ar bith cáipéis ar bith a shólathar a shileann sé a bheith riachtanach. Déanfaidh an Bord teora ama a shannadh (2 seachtain ar a laghad) chun an t-ábhar sin a iarradh a chur isteach, agus cuirfear an teora ama sin i bhfeidhm go docht.

16. An féidir leis an mBord níos mó a dhéanamh ná athbhreithniú ar chinneadh an údaráis pleanála?

Is féidir. Go ginearálta, bíonn ar an mBord an fhorbairt atá á tariscint a athbhreithniú as úr. Dá réir sin, déanann an Bord gach ceist a bhaineann le cúrsaí pleanála a bhaineann le hábhar a mheas agus cinneadh á dhéanamh aige, cume cé acu an t-údarás pleanála, páirtithe nó breathnadóirí a d'ardaigh í. Mar a dúradh faoi 15 thuas, i gcás go dtagann ceist nua chun solais, tabharfar deis do na pártaithe agus do na breathnadóirí a dtuairimí a nochtadh ina taobh.

17. An féidir leis an mBord dul in aghaidh na bhforálacha sa Phlean Áitiúil Forbartha?

Is féidir. Cé go bhfuil ceangal ar an mBord aird a thabhairt ar na forálacha i bplean forbartha áitiúil, is féidir leis an mBord na forálacha sin a shárú i gcúinsí áirithe. I gcás go ndiúltaíonn an t-údarás pleanála cead pleanála ar an ábhar gur sárú ábhartha ar an bPlean Forbartha a bheadh san fhorbairt atá á tairiscint, is féidir leis an mBord cead a dheonú ina leith, ach ar na fáthannaseo leanas amháin-

- Gur forbairt í lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó náisiúnta, nó
- Go bhfuil cuspóirí sa Phlean Forbartha atá ag teacht salach ar a chéile nó nach bhfuil sainmhínithe go soiléir, chomh fada is a bhaineann leis an bhforbairt atá á tairiscint, nó
- Gur cheart cead a dheonú i ngeall ar threoracha ar threoirlínte pleanála réigiúnda an cheantair, ar threoirlínte Aire, ar threoracha polasaí Aire, ar dhualgais reachtúla a bhaineann le húdarás áitiúil ar bith sa cheantar agus ar pholasaí ar bith eile de chuid an Rialtais, an Aire, nó Aire ar bith eile sa Rialtas, nó
- Gur cheart cead a dheonú i ngeall ar an bpatrún forbartha agus ar cheadanna a deonaíodh sa cheantar ó cumadh an Plean Forbartha.

Is féidir leis an mBord, ar aon nós, cead a dhiúltú i ngeall ar chúiseanna eile, fiú amháin agus an fhorbairt ag teacht leis na forálacha sa Phlean Forbartha Áitiúil.

18. Cén teora ama a ghabhann le hachomhairc?

Tá mar aidhm ag an mBord déileáil le hachomharc taobh istich de 18 seachtain. I gcás, áfach, go measann an Bord nach mbeadh sé indéanta nó iomchuí teacht ar chinneadh mar sin taobh istigh de 18 seachtain (i ngeall ar mhoilleanna ag escairt as éisteacht de bhéal a eagrú), cuirfidh sé na páirtithe ar an eolas i dtaobh na gcúiseanna sin agus bíonn ceangal air a insint cathain is rún leo an cinneadh a dnéanamh.

19. An gcuirfear ar an eolas mé, maidir le cinneadh an Bhoird?

Cuirfear. Go ginearálta, déanfar cinneadh chun:

- Cead (imlíne) a dheonú;
- Cead (imlíne) a dheonú, lena mbaineann coinníollacha; nó
- Cead (imlíne) a dhiultú

agus cuirfear gach páirtí agus gach breathnadóir a bhaineann leis an achomharc ar an eolas ina thaobh. Ba cheart cóip de Thuairisc an Chigire, de Threoir an

Bhoird (cinneadh deonaithe nó diúltaithe coinníolacha ceada, má bhíonn a leithéid i gceist, mar shampla, agus treoracha ar bith eile a bheith ceangailte leis an gcead sin) agus cuirtear ordú cinnidh an Bhoird ar taispeáint ar shuíomh idirlín an Bhoird, www.pleanala.ie. Beidh cúiseanna agus tuairimí an Bhoird lena chinneadh san áireamh san ordú cinnidh.

20. An cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Bhoird?

Is ea. Ní féidir cur in aghaidh a bhailíochta ach trí athbhreithniú dlíthiúil san Ard-Chúirt laistigh de 8 seachtain. Ní thabharfaidn an Chúirt breithiúnas ar bith ar chúrsaí pleanála na ceiste, agus díreoidh ar cheisteanna a bhaineann le nós imeachta agus dlí amháin. Féadfaidh an Chúirt an tréimhse athbhreithniú dlíthiúil a lorg i gcás go gcreideann sé go bhfuil fáthanna maith é a dhéanamh.

21. An féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach?

Is féidir. Tá sé de chumhacht ag an mBord achomharc a chaitheamh amach i gcás go measann an Bord an t-amharc a bheith cráiteach, suaibhreosach nó gan bonn ná bunús a bheith leis, nó gan dé chúis leis ach moill a chur ar fhorbairtí nó chun airgead, bronntanais, comaoin nó aslú eile a fháil do dhream ar bith. Is féidir leis an mBord a fhógairt go bhfuil iarratas pleanála nó achomharc pleanála arna tharraingt siar i gcás go mbíonn sé sásta go bhfuil sé i ndiaidh a thréigthe.

22. An féidir liom achomharc a rinne mé a tharraingt siar?

Is féidir. Is féid le hachomharcóir achomharc a tharraingt siar agus is féidir le hiarratasóir iarratas pleanála a tharraingt siar sula mbíonn cinneadh ina thaobh déanta ag an mBord. I gcás go mbíonn achomharc arna tharraingt siar (nó gach achomharc, i gcás gur níos mó ná ceann amháin a bhí i gceist), bíonn éifeacht leis an gcinneadh bunaidh a rinne an t-údarás pleanála. I gcás go mbíonn iarratas arna tharraingt siar ag iarratasóir, ní féidir leis an údarás pleanála cead ar bith a dheonú i leith an iarratais.

23. Cé chomh docht is atá na teorainneacha ama?

Teorainneacha fíordhochta is ea iad, chun gur féidir leis an mBord déileáil le hachomhairc, go ginearálta, taobh istigh de 18 seachtain, agus ní féidir leis an mBord síneadh ama a chur leis na dátaí sin. Rud é sin a bhaineann le lóisteáil achomharc, le cur isteach tuairimíochta ag páirtithe, le déahamh aighneachtaí agus tuairimíochta ag daoine eile, agus, i gcás go n-eisíonn an Bord cuireadh ina leith, aighneachtaí breise.

24. Má bhíonn oifigí an Bhoird dúnta ar an lá is déanaí a cheadaitear?

I gcás gur le linn deireadh seachtaine, saoire poiblí nó lá ar bith eile ar lá druidte don údarás pleanála a thiteann an lá is déanaí chun glacadh le hachomharc nó le

hábhar eile, déanfar an cinneadh ar an gcéad lá eile ina dhiaidh sin ar lá oscailte d'oifigí an Bhoird é.

25. Agus i gcás gur i dtréimhse na Nollag nó na hAthbhliana a bhíonn an lá is déanaí?

Ní áiritear an tréimhse idir an 24ú Mí na Nollag agus an 1ú Eanáir, agus an dá lá sin san áireamh (i.e. 9 lá) nuair a bhíonn tréimhsí ama á ríomh i gcomhair achomharc pleanála. Ar an ábhar sin, i gcás go dtiteann an lá deireanach den tréimhse 4 seachtain chun achomharc a dhéanamh laistigh den tréimhse idir an 24ú Mí na Nollag agus an 1ú Eanáir (agus an dá lá sin san áireamh), bogtar ar aghaidh an dáta is déanaí chun achomharc a dhéanamh. Dá bhíthin sin, mar shampla, i gcás gurb é ab 24ú Mí na Nollag an lá deireanach den tréimhse 4 seachtain, is é an 2ú Eanáir an lá is déanaí chun achomharc a dhéanamh, agus, i gcás gurb é an 29ú Mí na Nollag an lá deireanach den tréimhse 4 seachtain, is é an 7ú Eanáir an lá deireanach den tréimhse 4 seachtain, is é an 7ú Eanáir an lá is déanaí chun achomharc a dhéanamh.

Fágtar tréimhse na Nollag/na hAthbhliana as an áireamh, ar an gcaoi chéanna, maidir le gnó ar bith eile de chursaí achomhairc lena sannaítear tréimhse ama. Dá bhithín sin, i gcás go dtiteann an lá deireanach den tréimhse reachtúil chuspóireach 18 seachtain inar cheart don Bhord cinneadh a ghlacadh taobh istigh de thréimhse na Nollag/na hAthbhliana, cuirtear síneadh ama leis an tréimhse, ag teacht leis an líon iomchuí laethanta.

26. An féidir cáipéisí an Bhoird a iniúcha agus a cheannach?

Is féidir leis an bpobal comhaid a bhaineann le hachomharc a iniúchard tar éis don Bhord cinneadh a ghlacadh ina thaobh. Is féidir na cáipéisí sin a iniúchadh, saor in aisce, gach dálach idir 10a.m. – 12.30p.m. agus 2.30p.m. – 4.30p.m., seachas laethanta saoire poiblí agus laethanta eile ar a mbíonn na hoifigí dúnta. Is féidir cóip a cheannach de cháipéis ar bith ar na comhaid sin in oifigí an Bhoird ar chostas réasúnta cóipeála cáipéisí. Tá mionsonraí breise, maidir le cáipéisí a iniúchadh agus a cheannach le fáil ón mBord agus ar a shuíomh idirlín, www.pleanala.ie.

27. An féidir liom achomharc a dhéanamh faoi chinneadh a rinne údarás pleanála i gcás nach bhfuil aighneacht na tuairimíocht curtha agam faoina mbráid?

Go ginéarálta, ní féidir. Is é an eisceacht amháin más féidir le húinéir tailte taobh le suíomh na forbartha beartaithe nár chuir aighneacht ná tuairimíocht go dtí an údarás pleanála iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird, chun cead a fháil achomharc a dhéanamh taobh istigh de thréimhse 4 seachtain ón dáta ar eisigh an t-údarás pleanála cinneadh cead a dheonú. Is féidir leis an mBord cead a dheonú do dhuine achomharc a dhéanamh i gcás gur féidir leis an úinéir tailte a

léiriú go bhfuil difríocht ábhartha idir cinneadh an údaráis pleanála cead pleanála a dheonú agus an t-iarratas féin, i ngeall ar na coinníollacha a cuireadh leis an gcead, ar an ábhar go mbainfeadh na coinníollacha go hábhartha de t(h)eachtadh a t(h)ailte nó dá luach. Ar aon dul le hachomharc pleanála, ní mór don té a bhíonn ag lorg cead achomharc a dhéanamh a (h)ainm, a s(h)loinne agus a s(h)eoladh a chur síos, mar aon leis an bhforas ar a bhfuil a (h)iarratas ar chead chun achomhairc bunaithe (féach thuas), cuntas ar a les sa talamh, agus, i gcás go mbíonn táille arna socrú ag an mBord, an táille iomchuí.

I gcás go ndeonaitear cead do dhuine achomharc a dhéanamh, ní mór an t-achomharc sin a bheith faighte ag an mBord taobh istigh de 2 seachtain ón lá ar a bhfaigheann sé/sí fógra a chur sin in iúl dó/di.

28. An féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?

Tá eolas breise le fáil ón mBord Pleanála, ag an seoladh a léiritear in alt 5 thuas, ar an nguthán ag (01) 858 8100, nó ó d'údarás pleanála áitiúil.

Tá an reachtaíocht a rialaíonn an córas pleanála leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil 2000, arna leasú, agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 arna leasú. Is féidir iad seo a cheannach ón Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, guthán (01) 647 6995/4, no a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh ghréasáin na Roinne Comhshaoil, Poblacht agus Rialtas Áitiúil ar www.environ.ie.

Tá reachtaíocht ar fáil chomh maith chun féachaint agus a íoslódáil ón idirlíon ag www.irishstatutebook.ie.

Is iad na bileoga atá sa sraith seo ná:

PL1 Treoir do Chead Pleanála

PL2 Iarratas Pleanála a dhéanamh

PL3 Tuairimíocht ar Iarratas Pleanála a chur in iúl

PL4 Teach a Thógáil – na Ceisteanna Pleanála

PL5 Obair a dhéanamh thart faoin Teach – na Ceisteanna Pleanála

PL6 Talmhaíocht agus Forbirt Feirme – na Ceisteanna Pleanála

PL7 Pleanáil do Lucht Gnó

PL8 An Plean Forbartha

PL9 Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta

PL10 Achomharc Pleanála a Dhéanamh

PL11 Treoir do na Rialacháin Fhorigníochta

PL12 Treoir don Oidhreacht Ailtíreachta

PL13 Seandálaíocht sa Phróiseas Pleanála

PL14 Treoir maidir le Forfheidhmiú Pleanála in Éirinn